

Lch	Téarma	Míniú
6	bhí Cormac faoi scaoll	bhí Cormac trí chéile, bhí eagla air
	fuaimanna coimhthíocha	fuaimanna aisteacha, corra
	seomraí tréigthe	seomraí folmha nach n-úsáideadh níos mó
	an deannach	dusta, smúit, salachar
	go borb	go géar, go feargach, go garbh
	díoscán an urláir	fuaim mar a dhéanfadh urlár adhmaid
7	ag stopadh thar oíche	ag fanacht thar oíche, ar cuairt thar oíche
	staighre cúng adhmaid	staighre caol adhmaid
	na leabhragáin	na cásanna leabhar
	ag gol	ag caoineadh
	go tochtmhar	go brónach
8	thig linn	is féidir linn
	crann a dhreapadh	dul suas ar chrann leis na lámha agus na cosa
	ag dúil le rud	ag súil le rud, ag tnúth le rud
	an dóigh	an tslí, an chaoi, an bealach
10	amharc go cúramach	féach go cúramach, breathnaigh go cúramach
	an bomaite	an nóiméad
	is finscéal é	cumadh an scéal, is fabhalscéal é, is seanscéal é
	nach bhfuil fiosracht ionat?	nach bhfuil tú fiosrach?
	an tarracáin	tarraiceán; cineál de bhosca i gcófra ina gcoimeádtar rudaí
11	teach ársa	seanteach
	rinne mé meancóg	rinne mé botún/earráid
12	cad chuige?	cén fáth?
	thiontaigh sí	chas sí
13	an bhfuil tú ar mire?	an bhfuil tú craiceáilte? an bhfuil tú as do mheabhair?
	go gasta	go tapa, go sciobtha
16	brat urláir sómasach	brat urláir fíor-ghalánta/compordach
	druid an doras	dún an doras
17	fá choinne	faoi choinne, le haghaidh, i gcomhair
	leideanna	noda, comharthaí
	bleachtair	fiosraitheoir, garda a théann sa tóir ar choirpigh
	ar théad	ar shreang, ar rópa
	bolg na loinge	lár na loinge; lár an bháid mhóir
18	go bríomhar	go fuinniúil
	callán	torann, fuaim
21	labhair sí i gcogar	labhair sí os íseal
24	crann solais	solas mór galánta ornáideach agus go leor soilse nó coinnle air, bíonn siad i dtithe móra, galánta
	freastalaí/freastalaithe	daoine a oibríonn i mbialanna, agus a thugann an bia chuig na táblaí

25	an cloigeann	an ceann
	shíl Brídín	cheap Brídín, mheas Brídín
	daoine uaisle	daoine saibhre, a raibh galántacht ag baint leo
	iad faoi cheilt	iad i bhfolach
26	go sollúnta	go dáiríre
28	na scéalta uilig	na scéalta ar fad
32	bhí bród as cuimse orthu	bhí siad fíorbhródúil/sár-bhródúil as
32	an cnoc oighir	píosa mór oighir san fharraige agus cuid de ar barr uisce ach 8/9ú de faoi uisce
33	rachadh sí go tóin poill	rachadh sí síos faoin uisce, bháfaí í
	tá an Titanic dobháite	ní féidir leis an Titanic dul go tóin poill
	tugadh foláireamh dóibh	tugadh rabhadh/fógra dóibh
	na báid tharrthála	na báid bheaga ar ar cuireadh na paisinéirí chun iad a shábháil
36	i mbaol	i ndainséar, i gcontúirt
	níl an darna rogha agam	níl an dara/2ú rogha agam, níl rogha ar bith eile agam
37	barróg a bhreith ar dhuine	croí isteach a dhéanamh le duine
	an taisme	an timpiste
40	ruaille buaille	rírá, clampar
	le castáil ar a máthair	le buaileadh lena máthair, le casadh ar a máthair
41	Séimí s'againne	ár Séimí
42	go righin	go daingean
45	chuaigh creathadh tríd an long	thosaigh an long ag crith
49	níl ann ach áiféis	níl ann ach amaidí
	lomchlár na fírinne	lomchnámh na fírinne, an fhírinne ar fad
50	ag dréim le...	ag súil le...
	leis an ngal	leis an toit
51	moll d'oighear briste	cuid mhór d'oighear briste
52	bhí gruaim uirthi	bhí duairceas/lionn dubh/tromchroí uirthi, bhí sí in ísle brí
58	bád beag suarach	bád beag bocht, gránna, ainnis
60	a thuigbheáil	a thuiscint
63	ag slaparnach	ag lapadaíl, ag splaiseáil
	béal faoi	bunoscionn, tóin in airde
66	long mhaorga	long ghalánta, long ghrástúil
68	go duairc	go gruama
	thug sé misneach di	thug sé crógacht/uchtach di
70	ina ngaosáin	ina sróin
	de ghlór cráite	de ghlór scanraithe
78	an cuimhneachán	an tseoid chuimhne ar ócáid nó áit nó duine